Coiste Stiúrtha maidir le Plean Gníomhaíochta 2018-2022

Miontuairiscí ón gcruinniú a tionóladh an 1 Samhain 2018

I Láthair

An tAire Stáit Seán Kyne T.D.	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [RCOG]
An Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach)	
Seán Mac Eoin	
Sorcha de Brúch	
Seán Ó Leidhinn	
Seán Ó Grífín (Rúnaí)	
Helen Ní Chatháin	An Roinn Oideachais agus Scileanna [ROS]
Nicholas Meehan	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe [RCPA]
Paul Fay	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige [RLGÓ]
Siubhán Nic Ghrianna	Údarás na Gaeltachta [UNG]
Seán Ó Coinn	Foras na Gaeilge [FNG]

Ag tús an chruinnithe, chuir an tAire Stáit Seán Kyne T.D fáilte roimh gach duine agus ghabh sé buíochas leis na páirtithe go léir a bhí páirteach ann as an gcomhoibriú agus as an rannpháirtíocht a léirigh siad mar thaca leis an bplean gníomhaíochta 5 bliana. Leag sé béim ar an bpointe gur plean tras-Rialtais atá ann a bhfuil glactha ag an Rialtas leis.

Chuir sé in iúl freisin go raibh sé mar phríomhaidhm ag an ngrúpa a chinntiú go gcuirfí an plean iomlán i bhfeidhm. Ghabh sé leithscéal ansin agus d'fhág sé an chuid eile den chruinniú.

1. Focail Fáilte

Mar thús, thug an Dr. Aodhán Mac Cormaic (Cathaoirleach) cuireadh do gach duine ag an gcruinniú cur síos gairid a thabhairt maidir lena gcúlra, an eagraíocht a raibh siad ag déanamh ionadaíochta air agus céard iad, dar leo, na príomhchuspóirí.

2 Cúlra agus Cuspóirí an Phlean

Thug an Dr. Aodhán Mac Cormaic léargas gairid ar chomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana 2018-2022 [an Plean] agus ar chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 [an Straitéis], go dtí seo.

Bhí plé ginearálta ann ansin a chuimsigh na príomhphointí a leanas:

- gurb ionann an Plean agus treochlár do thodhchaí na Gaeilge agus aithnítear an iarracht thras-Rannach atá ag teastáil chun é a chur i bhfeidhm i gceart.
- go mbreathnófaí ar an bplean, ní mar thuairisc oibríochtúil amháin, ach mar ábhar spreagtha chun athrú a dhéanamh.
- go bhfuil gnóthaí luathbhlianta ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann don Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

- go bhfuil gá le haiseolas dearfach a thabhairt don phobal maidir le réimsí den Straitéis agus den Phlean ina ndéantar dul chun cinn suntasach ó thaobh a gcur i bhfeidhm de.
- leagadh béim ar cheist na hearcaíochta sa tseirbhís phoiblí maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge chomh maith le hinniúlacht sa Ghaeilge i measc múinteoirí nuacháilithe.
- gurbh fhiú do ROS machnamh ar an bhféidearthacht an Polasaí don Oideachas Gaeltachta a leathnú amach go Scoileanna chuig Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge - mar thaca leis an bpróiseas pleanála teanga lasmuigh de cheantair Ghaeltachta.
- an gá atá ann le deiseanna agus tacaíochtaí a fhorbairt do dhaltaí i scoileanna DEIS chun cuairt a thabhairt ar an nGaeltacht.

3 Téarmaí Tagartha agus Ról an Ghrúpa

Mhínigh RCOG na riachtanais a bhain le tuairisciú a dhéanamh ar na réimsí gníomhaíochta mar atá leagtha amach sa Phlean agus thug siad le fios go n-úsáidfí teimpléad cosúil leis an gceann a úsáideadh don Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Tá sé i gceist go ndéanfar teimpléad a scaipeadh ar chomhaltaí an choiste go luath chun go mbeifí in ann eolas a chur ar fáil faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar gach ceann den breis agus 180 beart.

Amlínte Molta:

- Teimpléad Tuairiscithe le bheith comhlánaithe agus curtha ar ais chuig RCOG faoi dheireadh an dara ráithe gach bliain den tréimhse forfheidhmithe 5 bliana.
- Tuairisc maidir leis an dul chun cinn atá déanta ar an gcur i bhfeidhm le bheith críochnaithe agus curtha faoi bhráid an Rialtais faoi dheireadh R3 gach bliana.

Scaipfidh RCOG na téarmaí tagartha – Féach Aguisín 1

4 Aon Ghnó Eile

Pléadh an cheist maidir le hionadaí ENR (NGO) a bheith ina bhall den Choiste Stiúrtha. Aontaíodh gur leor an comhdhéanamh reatha, go háirithe i bhfianaise chomhdhéanamh agus fheidhm an Choiste Chomhairligh ar leith atá ann a bhfuil ionadaíocht leathan ó na heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta. Aithníodh, áfach, nach gcuirfeadh sé seo bac ar an nGrúpa cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair/eagraíochtaí cur i láthair a dhéanamh don ghrúpa dá gceapfaí gurbh fhiú a leithéid a dhéanamh

Aontaíodh gur chóir don Ghrúpa bualadh le cheile gach ráithe ar a laghad agus go scaipfí dáta don chéad chruinniú eile ar an nGrúpa in am trátha. Luadh chomh maith go mbeadh teagmháil mar ba ghá leis ar bhonn déthaobhach idir pháirtithe an choiste stiúrtha

Aguisín 1 – Téarmaí Tagartha

Téarmaí Tagartha

Táthar ag súil leis go mbuailfidh an Coiste Stiúrtha le chéile - faoi chathaoirleacht RCOG gach ráithe nó de réir mar is gá. Seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste Stiúrtha:

1. Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí comhaontaithe atá leagtha amach sa Phlean;

2. Tacú le gníomhartha breise agus tionscnaimh bhreise a aithint chun cur i bhfeidhm iomlán na Straitéise agus an Phlean a chur chun cinn;

3. Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus ar fhoilsiú tuarascáil bhliantúil n ar dhul chun cinn a chuirfear faoi bhráid an Rialtais agus a fhoilseofar ina dhiaidh sin;

4. Eolas a lorg ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile maidir le héifeachtacht chur i bhfeidhm an Phlean;

5. Treochtaí, dúshláin agus deiseanna atá ag teacht chun cinn maidir leis an bplean a aithint agus aghaidh chuí a thabhairt orthu;

6. Comhairle agus moltaí a thabhairt don Aire maidir le tionscnaimh/beartais nua i dtaobh a chur i bhfeidhm mar thaca leis an Straitéis 20 Bliain.